

Ráiteas Slándála

Scoil Raifteirí

Seo dréachráiteas slándála le cur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta ag an gcéad chruinniú eile. Bheinn buíoch daoibh ach an ráiteas a léamh.

(Athbheithnithe Eanáir 2015)

Ráiteas Ginearálta

Aithníonn Bord Bainistíochta Scoil Raifteirí an tábhacht a bhaineann leis an reachtaíocht a cuirtear i bhfeidhm san Acht um Slándáil, Sláinte agus Leas ag Obair 1989 agus 2005.

Leagann an Raiteas Slándála seo amach polasaí slándála An Bhoird Bainistíochta, maraon le cuntas ar na bealaí ina gcuirfear an polasaí sin i gcrích. Is é aidhm an Bhoird Bainistíochta gach dícheall a dheánamh timpeallacht shlán, shláintiúil a sholátar dá fhostaithe agus dá dhaltaí uile, agus a dhulgais i leith gach baill den phobal lena mabíonn teagmháil aige a chomhlíonadh.

Éilíonn an polasaí seo comhoibriú ó gach fostaí.

Tá sé i gceist ag an mBord aithbhreithniú a dhéanamh go rialta ar an ráiteas seo, i bhfianaise a thaithí féin, i bhfianaise athraithe sa reachtaíocht, agus i bhfianaise athraithe ar bith eile a bhaineann le hábhar.

Déanfaidh an Bord iniúchadh slándála go bliantúil, agus tabharfar tuairisc don bhfoireann.

Déanfar an t-iniúchadh seo níos minice má bhíonn iarratas air sin ón mBord nó ón bhfoireann.

Déanfar measúnú ar thuairiscí breoiteachta nó timpiste chun a chinnitiú go gcuirfear i bhfeidhm nósanna imeachta chun timpistí agus tinnis a laghdú chomh fhada agus a b'fhéidir i dtimpeallacht na scoile.

Sínithe:

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.

Ráiteas Polasaí ar Shlándaíl, Sláinte agus Leas ag Obair Bhord Bainistíochta Scoil Raifteirí

1. 1 Is iad seo thíos baill an Bhoird Bainistíochta:

Cathaoirleach:

Rúnaí:

Cisteoir:

Baill eile an Bhoird:

1. 2. Cinnteoidh an Bord Bainistíochta go bhfuil, an fhad agus is féidir, na caighdeáin is airde slándála i bhfeidhm sa scoil, agus go bhfuil ar a laghad forálacha an Acht Um Shlándaíl, Sláinte agus Leasa ag Obair i bhfeidhm.
1. 3. Is mian leis an mBord Bainistíochta a chinntiú an oiread agus is féidir:
 - (a) go bhfuil dearadh, soláthar agus cothabháil gach áite slán ó bhaol do shláinte
 - (b) go bhfuil dearadh, soláthar agus cothabháil bealaí isteach agus amach ón scoil i staid atá slán gan baol do shláinte
 - (c) deá-dhearadh, soláthar agus cothabháil ar fhearas agus ar innealra
 - (d) go ndéantar nósanna oibre a phleanáil, a eagrú, agus a chur i gcrích ar bhealaí atá sábháilte, i dtreo is nach bhfuil aon bhaol iontu do shláinte
 - (e) go gcuirfear oiliúint i dteicnící cearta ardaithe daltaí ar fáil don bhfoireann maraon le hoiliúint maidir le plé le hiompar dúshlánach mar gheall ar na daltaí
 - (f) go soláthrófar pé eolas, oiliúint, traenáil, agus maoirseachta atá riachtanach chun slándáil agus sláinte ag obair a chinntiú do na fostaithe

(g) go soláthrófar éadach cosanta oiriúnach faoi mar is gá chun sláinte agus slándáil fostaithe a chinntiú

(h) go ndéanfar cleachtadh agus athchleachtadh mar is cuí ar phleananna sásúla chun plé le héigeandáil, m.sh. druil dóiteáin, plé le garchabhair agus páistí atá gortaithe 7rl

(i) slándáil agus cosaint ar bhaol sláinte maidir le húsáid aon fhearais nó aon substainte

(j) soláthar agus cothabháil áiseanna agus socraithe maidir le leas fostaithe ag obair

(k) soláthar, de réir mar is gá, seirbhísí daoine oilte chun sláinte agus slándáil na foirne oibre a chinntiú

(l) aithbhreithniú rialta an ráitis slándála

(m) go leagfar síos proiseas trína raghfear i gcomhairle maidir le sláinte agus le slándáil

(n) go leagfar síos socraithe chun ionadaí fostaithe maidir le sláinte agus le slándáil a roghnú as an bhfoireann teagaisc

1. 4. Aithníonn an Bord Bainistíochta go gclúdaíonn a dhualgaisí reachtúla faoin reachtaíocht a chuid fostaithe, daltaí, aon duine a bhfuil gnó dlisteanach leis an scoile aige/aici, agus an pobal.

1. 5. Cinnteoidh Bord Bainistíochta Scoil Raifteirí go gcuirfear i bhfeidhm forálacha an Achta um Shlándáil, Sláinte agus Leas ag Obair 1989 agus 2005

1. 6. Féadfar Coiste Slándála a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú polasaithe Slándála agus Sláinte agus ar fhorálacha an ácta 1989 agus 2005

Dualgais Fostaithe.

1. Is é dualgas gach aon fhostaí an fhad is atá sé/sí ag obair:

(a) cúram ciallmhar a dhéanamh dá S(h)lándaíl. dá S(h)láinte agus dá leas féin, agus d'aon duine eile a mbeadh tionchar ag gníomh nó ag faillí an fhostaí air/uirthi le linn a t(h)réimhse oibre.

(b) comhoibriú lena f(h)ostóir agus le duine ar bith eile ar bhealach a chuirfidh ar chumas an fhostóra nó an duine eile forálacha na reachtaíochta cuí a chomhlíonadh

(c) feisteas cosanta, fearas, áiseanna nó aon rud eile a soláthraítear (don bhfostaí sin amháin nó don bhfoireann tré chéile) a úsáid ar bhealach a chinntíonn sláinte agus slándáil an fhostaí sin agus duine ar bith eile

(d) aon mháchail nó aon locht ar an láthair oibre, nó ar aon fhearas, nó ar aon innealra, nó ar aon nós imeachta a chur in iúl don Bhord Bainistíochta a luaithe is a tugtar faoi deara é

2. Ní chuirfidh aon duine isteach le míchúram nó d'aon ghnó ar aon fhearas, ar aon feisteas cosanta, nó ar aon earra eile a sholáthraíonn an ord chun críche forálacha reachtaíochta sláinte/slándála a chomhlíonadh

3. Cinnteoidh fostaithe, trí úsáid a bhaint as an bhfearas agus as na háiseanna a soláthraítear, go gcuirfear obair i gcrích ar na bealaí is cúramaí agus is sláinte is féidir.

Eolas agus Comhairle.

Is é polasaí Bhoird Bhainistíochta Scoil Raifteirí:

-dul i gcomhairle leis an bhfoireann nuair atá Ráiteas Slándála agus Foirmeacha Smachta Guaise á n-ullmhú.

-cóip don ráiteas Slándála a thabhairt do gach ball foirne atá sa scoil agus cóip buan a bheith san oifig agus an seomra fóirne.

-go gcuirfear aon eolas breise, nó aon treoracha maidir le Sláinte, Slaándáil agus Leas ag Obair nach bhfuil sa ráiteas seo ar fáil d'fostaithe faoi mar a thagann sé ar lámh go dtí an Bord.

-go mbeidh an Ráiteas Slándála seo ina chuid dhilis d'aon traenáil agus d'aon phlean forbartha foirne sa todhcháí.

Guaiseanna.

Cuirfidh an Bord Bainistíochta agus an fhoireann líosta guaiseanna le chéile. Beifear ábalta cuid de na guaiseanna a dhíchur, ach beidh cuid acu nach bhfuil aon leigheas orthu.

Guaiseanna gur féidir iad a leigheas, déanfar sin a luaithe agus is féidir faoi mar atá leagtha síos sa ráiteas.

Liostáilfear go soiléir iad siúd nach bhfuil aon leigheas orthu, agus leagfar síos polasaí agus nósanna chun an baol a bhaineann leo a mhaolú an oiread agus is féidir.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta i gcomhar leis an bhfoireann monatóireacht rialta ar leigheas guaiseanna.

Guaiseanna Faoi Leith.

1. Tine: Druil Dóiteáin-Máire Uí Shúillebháin (POI)

Is é polasaí Bhoird Bainistíochta Scoil Raifteirí go:

- soláthrófar go leor múchtóirí tine a phléifidh le tine d'aon chineál.
- go ndéantar seirbhísiú rialta ar fhearas tine.
- go ndéantar druil tine sa scoil ar a laghad uair sa téarma scoile.

- go dtugtar oiliúint mar is cuí in úsáid múchtóirí tine de chineálacha éagsúla.

- go bhfuil an t-aláram tine marcáilte go soiléir

- go bhfuil comharthaí ann a chuireann in iúl go soiléir do chuariteoirí cá bhfuil bealaí amach.

- Coimeádfar gach doras, pasáiste agus slí isteach saor ó chonstaic agus beifear ábalta é a oscailt ó laistigh den fhoirgneamh ag aon am. Cinnteoidh aon mhúinteoir, a bhfuil slí amach suite sa seomra ranga aige / aici, go gcoimeádtar saor ó chonstaic an tslí amach sin. Tá sé de dhualgas ar an bPríomhoide a chinntiú go mbíonn doras an halla agus an príomhdhoras saor ó chonstaic.

- go múchtar nó go ndíphlochóidtear fearas leictreach lasmuigh d'uaireanta oibre nó nuair a bheidh seomraí folamh ar feadh tréimhse fada. Tá an Príomhoide / Rúnaí, mar is cuí, freagrach as an oifig. Tá gach múinteoir freagrach as an seomra foirne. Déanfaidh an glantóir/airitheoir é a sheiceáil nuair atá sí/sé á ghlanadh.

- go dtuigeann gach aon duine go bhfuil láthair tionóil éigeandála díreach trasna an chlóis ón bpríomhdhoras na scoile, i gclós na scoile taobh leis na seomraí réamhdhéanta 'Naíonra Thír na nÓg' taobh na habhainn.

- má tá ball foirne ar bith ag fágáil an fhoirgnimh le linn uaireanta scoile, go gcuireann sé/sí an méid sin in iúl don phríomhoide nó don leasphríomhoide.

- go bhfuil bealaí éalaithe marcáilte go soiléir.

- nach gcoimeádtar buidéil gáis i stór sa bhfoirgneamh.

- go bhfuil duine ainmnithe ar gach pasáiste freagrach as druil tine agus as córais teite.

- go bhfuil an scoil agus fearas na scoile seiceálta mar is cuí ag oifigeach tine, agus go bhfuil a chuid treoracha curtha i bhfeidhm.

-go mbeidh traenáil dó seo eagraithe gach dara bhliain d'fhoireann na scoile le tosnú Mean Fómhair 2015 ag Uaireanta Pháirc an Chrócaigh.

Guaiseanna Buana.

Ba mhaith leis an mBord Bainistíochta aird chách a dhíriú ar na guaiseacha seo a leanas (chomh fada agus is féidir iad a aithint) a d'fhéadfadh a bheith dainséarach.

1. Leac oighear ar an talamh / ar dhromchlaí ar lá fuar
 2. Fuinneoga ag oscailt amach, go háirithe in aice le clós súgartha na bpáistí
 3. lochán scoile sa chlós súgartha
 4. Mataí sa halla
 5. Frámaí dreapadóireachta
 6. Umair gháis
 7. Seoláin ar sileadh
 8. Gilitín
 9. Teilgeoirí
 10. Dréimirí
 11. Feistias / aonad ag gobadh amach
 12. Stóras lasmuigh le bheith faoi ghlas
 13. Leaca ar fáil timpeall ar limistéar na scoile
 14. Clocha gairdín
- Caithfear dréimirí a úsáid le cabhair ó dhuine eile
 - Cosc ar ghloine ar scoil, go háirithe ag daltaí. Gloine briste a ardú agus a ghlanadh láithreach nuair a aimsítear é.
 - Dearbhálfaidh an Bord Bainistíochta go bhfuil úrláir glan agus cothrom, nach féidir sleamhnú orthu agus go bhfuil siad saor ó mheatháin adhmaid, déantar glanadh na húrláir roimh theacht do pháistí ar scoil ar maidin nó nuair atá siad imithe abhaile sa tráthnóna
 - Dearbhálfaidh na múinteoirí go bhfuil trealamh corpoideachais carnaithe go daingean i slí is nach mbeidh sé guaiseach

- Dearbhálfaidh na múinteoiri go bhfuil an stóras corpoideachas faoi smacht i gcónaí agus nach bhfuil cead ag páiste a bheith istigh ann gan múinteoir a bheith leo.
- Dearbhú go bhfuil gach mata corp oideachais sa halla agus eile i riocht maith.
- Dearbhú go bhfuil bíomáí agus bínsí adhmaid saor ó mheatháin adhmaid agus i riocht maith.
- Dearbhú nach bhfuil capaill gleacaíochta, bíomáí agus bínsí &rl. guagach.
- Dearbhú nach bhfuil aon leaca cosáin míchothrom, briste nó scoilte.
- Dearbhú go bhfuil díonta, gáitéir agus píobáin draenacha i riocht maith agus dea-choinnithe.
- Dearbhú go n-oibríonn soilse lasmuigh agus go bhfuil siad leordhóthaineach. (Bord Bainistíochta)
- Dearbhú go bhfuil aon ábhair nó trealamh a bhaineann le tógálaithe nó leis an glantóir nó aon stóras lasmuigh daingean agus stóráilte go sábháilte.
- Dearbhú go mbaintear gach mála bruscair as an scoil gach lá agus go ndéantar iad a stóráil lasmuigh.

Innealra, fearas cistine agus fearas leictreach.

Is é polasaí an Boird Bainistíochta Scoil Raifteirí nach mbainfidh ach daoine atá iniúil ar an obair úsáid as fearas mar atá luaite thuas. Déanfar iniúchadh rialta slándála ar an bhfearas agus ar an innealra sin.

Roimh fhearais mar seo a úsáid ba chóir don úsáideoir na rudaí seo a leanas a dhearbhú:

- Go bhfuil gach gnáth-chosaint atá mar ghnáthchuid den fhearas ag obair
- Aon shreangán / sheoltán a sholáthraíonn cumhacht slán, gan aon ghearradh nó scoilteanna ann
- Aon phlocóid nach bhfuil in úsáid a bhaint amach as an soicéad
- Go n-úsáidtear an fiús ceart i mbarra ploicéid fiúis oiriúnacha
- Go gcloítear leis na treoracha oifigiúla eisithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta

Ábhar Ceimiceach.

Is é polasaí Boird Bainistíochta Scoil Raifteirí go gcoimeádfar aon ábhar ceimiceach, gallúnach, ábhar glantacháin eile i mboscaí a bhfuil lipéadaí soiléire orthu ag míniú an ábhair sa bhosca agus rialacha a úsáidte. Coimeádfar ábhar den chineál sin faoi ghlas i stór na nglantóirí. Déanfar soláthar ar pé fearas cosanta is gá chun ábhar den chineál sin a úsáid.

Drugaí agus Leigheas.

3. 1. Is é polasaí Boird Bainistíochta Scoil Raifteirí go gcoimeádfar gach cóir leighis sa chófra sa chistin. Ní bhíonn cead ach ag foireann scoile amháin bheith san áit seo. Más rud é go mbíonn duine ar bith eile sa chistin iarrtar orthu bheith aireach faoin cófra speisialta seo.

3. 2. Is é polasaí an Bhoird Bainistíochta gan aon chóir leighis a chur ar phian d'aon tsaghas. Má bhíonn aon bhall foirne buartha faoi pháiste, déanfar teagmháil le tuismitheoir/caomhnóir an pháiste, nó le dochtúir.

3. 3. Iarrfar ar gach teaghlach foirm éigeandála liath a líonadh a thugann eolas don scoil conas teacht ar thuismitheoir/caomhnóir an pháiste más gá sin.

3. 4. Sa chás go mbíonn páiste tinn agus go dteipeann ar fhoireann na scoile teacht ar an tuismitheoir/caomhnóir faoi mar atá ar an bhfoirm éigeandála, is é polasaí an Bhoird Bainistíochta go ndéanfaidh foireann teagaisc na scoile pé socrú a mhothaíonn siad a bheith riachtanach chun sláinte an pháiste a chosaint, i. é/í a thabhairt chuig dochtúir nó ospidéal, nó pé socrú eile a mhothaíonn an fhoireann a bheith riachtanach sna cúinsí faoi leith.

3. 5. Sa chás go bhfuil antaibheathach ná cóir leighis eile á thógaint ag páiste, is ceadmhach do bhall foirne an chóir leighis sin a thabhairt don pháiste má iarann an tuismitheoir sin, ar choinníoll go dtugann an tuismitheoir treoracha beachta maidir leis an gcóir leighis atá i gceist.

3. 6. I gcás 3.5 thuas, má bhíonn aon easaontas idir treoracha an tuismitheora agus aon treoracha a bheidh scríofa ar an mbuidéal nó ar an

mboseca ina bhfuil an chóir leighis, ní thabharfaidh an múinteoir nó aon bhall foirne eile an leigheas don pháiste, agus cuirfear sin in iúl don tuismitheoir.

Leas

Chun leas leanúnach na foirne agus na bpáistí a chinntiú, cuirfear leithris agus seomra cótaí ar fáil. Cuirfear seomra foirne ar fáil atá scartha amach ón limistéar oibre, áit inar féidir tae agus sos lóin a ghlacadh. Caithfidh an fhoireann comhoibriú chun ard-chaighdeán sláinteachais a choinneáil sa limistéar seo.

Caithfear ard-chaighdeán sláinteachais a bhaint amach i gcónaí. Caithfidh áiseanna leordhóthaineacha chun dramhaíl a chaitheamh amach a bheith ar fáil. Caithfear soláthar leordhóthaineach a bheith ann d'uisce te agus fuar, de thuaille, de ghalúnach agus d'áiseanna le dramhaíl sláintíoch a chaitheamh amach.

*Caithfidh ball foirne a chur iúl don scoil má tá siad faoi chúram leighis nó ar mhíochnú oidis dhochtúra ach fós féin go bhfuil sé ceadaithe dóibh bheith ag obair agus a chur in iúl má tá aon dhroch-thionchar ag an míochnú sin orthu a d'fhéadfadh a bheith dáinséarach dóibh féin nó dá gcomhoibrithe nó a d'fhéadfadh cur isteach ar chaighdeán a gcuid oibre. Socróidh an scoil go mbeidh dualgais chuí roghnaithe dóibh don tréimhse eatramhach.

Úrláir ró-shnasta/fliuch

Tá sé mar pholasaí ag an mBord Bainistíochta gach iarracht a dhéanamh dromchlaí sleamhain a sheachaint. Glanfar úrláir i ndiaidh am scoile, nuair is féidir, chun dainséar sleamhnaithe a sheachaint. Nuair atá úrláir fliuch, cuirfear comharthaí in airde chun rabhadh a thabhairt. D'fhéadfadh an talamh nó dromchlaí lasmuigh a bheith sleamhain ó shioc in aimsir fhuar, agus cuirfear comhairle ar an bhfoireann agus ar na daltaí ráillí a úsáid agus iad ag dul suas agus síos an staighre / céimeanna. Nuair atá sé indéanta cuirfear ciumhaiseanna sofheicthe neamh-shleamhna ar chéimeanna.

Caitheamh Tobac

Tá sé mar pholasáí ag an mBord Bainistíochta go mbeidh cosc iomlán ar thobac sa scoil chun an ghuais don fhoireann agus do na daltaí a bhaineann le tobac san aer a sheachaint.

Gloine bhriste/Cannaí folaimh

Déanfaidh an Bord Bainistíochta iarracht an dainséar ó ghloine bhriste a laghdú. Iarrtar ar bhail foirne a chur in iúl don Phríomhoide láithreach má tá gloine bhriste ann chun gur féidir é a bhaint ar an toirt.

Galair Infhabhraíocha

Tá sé mar pholasáí ag an mBord Bainistíochta go gcuirtear ar an eolas iad mar gheall ar aon ghalar infhabhraíocha chun gur féidir leo céimeanna a thógaint le sábháilteacht na foirne agus na ndaltaí i gcoinne an ghlair a chinntiú. Déanfaidh an Bord Bainistíochta tréaniarracht an baol ón ngalar a laghdú trí chloí le comhairle HSE, dea-phrionsabail ghlaineachta, shláinteachais agus dífhabhtaigh agus láimhíní plaisteacha (aonshealacha) a chur ar fáil le haghaidh céadchabhair agus glanadh. Beidh soláthar leordhóthaineach uisce, galúnach i gcónaí sna leithris agus seomraí folctha agus áis chun dramháil a chaitheamh amach go sábháilte.

Slí isteach sa scoil

Sa mhéid go mbeadh sé comhoiriúnach le leagan amach praiticiúil ar láthair na scoile, beidh sé de dhualgas ar éinne a bhuaileann isteach sa scoil, iad féin a chur in aithne don Phríomhoide nó don rúnaí mar is ábhartha, sula scaoiltear isteach iad. Beidh ar aon chonraitheoir é féin a chur in aithne go pearsanta don Phríomhoide sula dtosaíonn sé aon obair ar an láthair agus taispeáinfeadh cóip de ráiteas sábháilteachta na scoile dó agus aontóidh sé lena fhorálacha.

Nuair atá obair ar siúl, seachnófar aon torann i rith am scoile nuair is féidir agus ísleofar é go dtí an t-íosmhéid riachtanach i gcónaí. Ní chruthóidh an conraitheoir agus a fhoireann oibre aon ghuais, sealadach nó buan, gan a

insint don Phríomhoide nó dá iondaí roghnaithe, agus cuirfear comhartha in airde ag tabhairt rabhadh maidir leis na nguais nó cosaint oiriúnach eile.

Páistí a fhágáil nó a bhailiú

- (1) Caithfidh gach tuismitheoir an-aird agus aire a thabhairt i gcarr clóis na scoile, atá an-ghnóthach agus dáinséarach ar maidin agus ag amantaí scoir na bpáistí le trácht. Moltar do dhaoine fásta greim láimhe a thabhairt dá bpáistí san áit seo i gcónaí.
- (2) Níl cead ag páistí rith nó cluichí a imirt timpeall na carranna sa charr clóis ariamh. Ar aire i gcónaí san áit seo.
- (3) Caithfidh gach tuismitheoir / caomhnóir/ feighlí géilleadh do chomharthaí ar thailte na scoile, ar mhaithe le sábháilteacht.
- (4) Comhairlítear gluaisteáin a thiomáint go mall ar thailte na scoile nuair atá páistí á mbailiú.
- (5) Comhairlítear dóibh siúd atá páirceáilte lasmuigh de thailte na scoile páistí a thionlacan go dtí agus ó fhoirgneamh na scoile.

Polasaí Smachta.

Eascrann smacht agus riailbhéas na scoile as prionsabail phraiticiúla: teastaíonn uainn dea-atmasféar Gaelach oibre a chothú, teastaíonn uainn slándáil na bpáistí a chinntiú, agus teastaíonn uainn tréithe an tsaoránaigh mhaith a chothú i ngach páiste. Mar sin, éilimid ar na páistí iad féin a iompar go béasach comhoibritheach.

Gaeilge:

Ní foláir do gach páiste Gaeilge amháin a labhairt ar scoil. Tosaítear ar an riail seo a fheidhmiú sna Naíonáin. agus bímid ag súil lena cur i bhfeidhm go cuíochnúil ó rang 1 ar aghaidh.

Slándáil:

1. Iarrtar ar pháistí bheith dilís do rialacha na scoile agus éisteacht le hordaithe múinteoirí maidir lena slándáil a chomhlíonadh go beacht agus go tapaidh.

2. Níl cead ag aon pháiste talamh na scoile a fhágáil gan cead a thuismitheora.
3. Ní mór do gach páiste cúram a dhéanamh dá shlándáil féin agus do shlándáil páistí eile.
4. Aithníonn an Bord Bainistíochta an baol a ghabhann leis an bhfána ar thaobh 'Aurivo' na scoile, cóngarach don scoil. Aithníonn an Bord Bainistíochta an baol atá ann taobh thiar de na seomraí réamhdhéanta, ar taobh garbh atá taobh thiar de na cúillí peile ar chúl na scoile. Ní ceadmhach do pháistí súgradh sna háiteanna sin, roimh am scoile, le linn briseadh nó lóin, nó ag am ar bith eile.
5. Cuireann an scoil feitheoireacht ar fáil do na páistí agus iad ag bailiú le chéile chun dul ar scoil ó 8.50 ar aghaidh gach maidin scoile. Ní ceadmhach do pháistí bheith ar láthair na scoile níos luaithe ná sin.

Céadchabhair/Garchabhair:

Is é polasaí Boird Bhainistíochta Scoil Raifteirí :

1. Fostaí/fostaithe a bheith oilte ar chéadchabhair. Déanfar líosta de baill fóirne a rinne cúrsa oiriúnach céadchabhach. D'fhreastal foireann iomlán na scoile ar an gCúrsa Céadchabhair ar an 16/02/15. Bhronnadh teastas foirne don chúrsa seo a d'íocadh ag an mBord Bainistíochta.
2. Beidh trí bhosca céadchabhach, agus iad líonta go cuí, ar fáil san oifig, sa seomra réamhdhéanta agus sa seomra fóirne. Beidh dhá mhála dearga líonta agus ar fáil do chluichí peile, agus beidh dhá mhálín (Dubh/Corcra) ar fáil sa chistin scoile le caitheamh don mhaoirseacht clóis.
3. Tabharfaidh aon mhúinteoir a bhéas ag tabhairt páistí ar thuras spóirt/eile ceann de na boscaí seo in éineacht leis/léi.

4. Beidh bosca céad cabhair ar fáil sa chistin. Beidh fearas bunúsach istigh ann - láimhíní, olann cadáis, pionnaí, bindealáin agus ciarsúir antaiseipteacha.
5. Beidh báisín, uisce te agus gallúnach ar fáil i gcónaí.
6. Caithfear láimhíní aonsealacha a úsáid i gcónaí agus céadchabhair á thabhairt. Tá siad ar fáil i ngach bosca céadcabhair agus sa chófra íochtáireachta in aice an chuisneoir sa seomra fóirne.
7. Tá leac oighir ar fáil sa reoiteoir sa seomra fóirne/seomra réamhdhéanta chun a úsáid (le clúdach air) más gá le haon duine le at nó cnap.

Athbhreithniú ar an Ráiteas Sábháilteachta seo

Déanfaidh Bord Bainistíochta Scoil Raifteirí athbhreithniú ar an ráiteas seo go bliantúil de réir thaithí agus riachtanais Acht Sláinte agus Sábháilteachta agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Sínithe ar son an Bhoird Bainistíochta

Cathaoirleach: _____

Dáta: _____

Príomhoide: _____

Dáta: _____

Oifigeach Sábháilteachta: _____

Dáta _____

Ionadaí an Bhoird B.

Oifigeach

Sábháilteachta: _____

Dáta _____

Ionadaí na foirne

**Scoil Raifteirí
Faiche an Aonaigh
Caisleán an Bharraigh
Co. Mhaigh Eo
094-9024700 nó runaisraif@eircom.net**

**Ráiteas polasaí de réir Acht
Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag
obair 1989, 2005**

Baill an Bhoird Bainistíochta:

Cathaoirleach:

Oifigeach Sábháilteachta:

Ionadaí na foirne:

**Ullmhaithe ag ionadaithe an Bhoird
Bainistíochta, i gcomhchomhairle le tuismitheoirí
agus múinteoirí de réir Acht Sábháilteachta,
Sláinte agus Leasa ag obair 1989, 2005**

